

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 121



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

3 Aibreán 2023

Clár

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

2023/C 121/01	Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>	1
---------------	---	---

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

Cúirt Bhreithiúnais

2023/C 121/02	Cás C-483/22, KI (Aistriú oifig nótaire Portaingéile): Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 16 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca de Coimbra – Juízo do Trabalho da Figueira da Foz – an Phortaingéil) – KI v YB, JN (Tarchur chun réamhrialú – Airteagail 53(2) agus 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – An ceanglas comhthéacs fíorasach agus rialúcháin na díospóide a chur i láthair sna príomhimeachtaí – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach)	2
2023/C 121/03	Cás C-123/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 — an Coimisiún Eorpach v an Ungáir	2
2023/C 121/04	Cás C-724/22, Investcapital: Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de Primera Instancia nº 2 de León (an Spáinn) an 24 Samhain 2022 – Investcapital Ltd v G.H.R.	3
2023/C 121/05	Cás C-743/22, DISA: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Supremo (an Spáinn) an 1 Nollaig 2022 – DISA SUMINISTROS Y TRADING S.L.U. (DISA) v Agencia Estatal de la Administración Tributaria	4
2023/C 121/06	Cás C-765/22, Air Berlin: Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca (an Spáinn) an 16 Nollaig 2022 – Luis Carlos agus Páirtithe Eile v Air Berlin PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España	4

GA

De bharr cúiseanna maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint, ní nochtar roinnt faisnéise a bhí san eisiúint seo a thuilleadh, agus dá bhrí sin, foilsíodh leagan barántúil nua.

2023/C 121/07	Cás C-770/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria provinciale di Genova (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Nollaig 2022 – OSTP Italy Srl v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle Dogane di Genova 1, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle Dogane di Genova 2 e Agenzia delle Entrate – Riscossione – Genova	5
2023/C 121/08	Cás C-772/22, Air Berlin: Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca (an Spáinn) an 19 Nollaig 2022 – Victoriano agus Páirtithe Eile v Air Berlin PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España, Air Berlin PLC & CO Luftverkehrs KG	5
2023/C 121/09	Cás C-16/23: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale della Liguria (an Iodáil) arna taisceadh an 16 Eanáir 2023 – F.A.R.O. di YK & C. Sas v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli	6
2023/C 121/10	Cás C-39/23, Keva agus páirtithe eile: Iarraidh ar réamhrialú ón Högsta förvaltningsdomstolen (an tSualainn) a taisceadh an 26 Eanáir 2023 – Keva, Landskapet Ålands pensionsfond agus Kyrkans Centralfond v Skatteverket	7
2023/C 121/11	Cás C-70/23 P: Achomharc arna thabhairt an 8 Feabhra 2023 ag Westfälische Drahtindustrie GmbH agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 23 Samhain 2022 i gCás T-275/20, Westfälische Drahtindustrie GmbH agus páirtithe eile v an Coimisiún Eorpach	7
2023/C 121/12	Cás C-97/23 P: Achomharc arna thabhairt an 17 Feabhra 2023 ag WhatsApp Ireland Ltd i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra méadaithe) a tugadh an 7 Nollaig 2022 i gCás T-709/21, WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí	8
Chúirt Ghinearálta		
2023/C 121/13	Cás T-62/23: Caingean arna tabhairt an 10 Feabhra 2023 – SunPower v EUIPO – ZO (*) (Grianphainéil (cuid de -))	10
2023/C 121/14	Cás T-63/23: Caingean arna tabhairt an 10 Feabhra 2023 – SunPower v EUIPO – ZO (*) (Grianphainéil (cuid de -))	10
2023/C 121/15	Cás T-73/23: Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2023 – Tertianum v EUIPO – DPF (“TERTIANUM”)	11
2023/C 121/16	Cás T-74/23: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2023 – Oriflame Cosmetics v EUIPO – Caramé Holding (Léiriú ar O stílithe)	12
2023/C 121/17	Cás T-76/23: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2023 – DDP Specialty Electronics Materials US 8 v EUIPO – Taniobis (AMBERTEC)	13
2023/C 121/18	Cás T-77/23: Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2023 – Jaw de Croon v CPVO – Belgicactus (Belsemred1)	13
2023/C 121/19	Cás T-78/23: Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Google v EUIPO – EPay (GPAY)	14
2023/C 121/20	Cás T-79/23: Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Chiquita Brands v EUIPO – Jara 2000 (“CHIKUITA QUEEN”)	15
2023/C 121/21	Cás T-82/23: Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Nextrend v EUIPO – Xiamen Axent Corporation agus Axent Switzerland (Aonaid leithreas (cuid de -))	15
2023/C 121/22	Cás T-87/23: Caingean arna tabhairt an 20 Feabhra 2023 – Biogena v EUIPO (THE GOOD GUMS)	16
2023/C 121/23	Cás T-91/23: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2023 – Ofree v EUIPO – Gamigo (gamindo)	17
2023/C 121/24	Cás T-92/23: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2023 – Timothy Jacob Jensen Studios v EUIPO (DESIGNERS TRUST)	17

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

CÚIRT BHFREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bfreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2023/C 121/01)

Foilseachán deiridh

IO C 112, 27.3.2023

Foilseacháin stairiúla

IO C 104, 20.3.2023

IO C 94, 13.3.2023

IO C 83, 6.3.2023

IO C 71, 27.2.2023

IO C 63, 20.2.2023

IO C 54, 13.2.2023

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: <http://eur-lex.europa.eu>

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

CÚIRT BHREITHIÚNAIS

Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 16 Feabhra 2023 (iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judicial da Comarca de Coimbra – Juízo do Trabalho da Figueira da Foz – an Phortaingéil) – KI v YB, JN

[(Cás C-483/22 ⁽¹⁾), KI (Aistriú oifig nótaire Portaingéile)]

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagail 53(2) agus 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – An ceanglas comhthéacs fíorasach agus rialúcháin na díospóide a chur i láthair sna príomhimeachtaí – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach)

(2023/C 121/02)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Judicial da Comarca de Coimbra – Juízo do Trabalho da Figueira da Foz

Páirtí sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: KI

Cosantóirí: YB, JN

An chuid oibríochtúil

Tá an iarraidh ar réamhrialú arna déanamh ag Tribunal Judicial da Comarca de Coimbra – Juízo do Trabalho da Figueira da Foz (Cúirt Dúiche Coimbra – Cúirt Oibreachais Figueira da Foz, an Phortaingéil), le cinneadh an 7 Iúil 2021, do-ghlactha go follasach.

⁽¹⁾ Dáta an taiscthe: 19.07.2022

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 — an Coimisiún Eorpach v an Ungáir

(Cás C-123/22)

(2023/C 121/03)

Teanga an cháis: an Ungáiris

Páirtithe

Iarratasóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Azéma, L. Grønfeldt, A. Tokár agus J. Tomkin, Gníomhairí)

Cosantóir: An Ungáir

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. a dhearbhu gur sháraigh an Ungáir na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 260(1) CFAE trí mhainneachtain na bearta uile is gá a ghlacadh chun an méid a leagtar síos i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Nollaig 2020 i gCás C-808/18 *an Coimisiún v an Ungáir* (Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta) a fhorfheidhmiú;
2. a ordú don Ungáir cnapshuim laethúil de EUR 5 468,45 a íoc don Choimisiún — d'íosmhéid iomlán de EUR 1 044 000,00 — don tréimhse idir an lá a d'fhoilsigh an Chúirt Bhreithiúnais a breithiúnas i gCás C-808/18 agus an lá a chomhlíonfaidh an cosantóir an méid a leagtar síos sa bhreithiúnas sin nó an lá a fhoilseofar an breithiúnas sa chás seo, más rud é go dtagann an lá deireanach sin roimhe;
3. i gcás go leanfaidh an neamhchomhlíonadh arna lua sa chéad chuntar éilimh go dtí go bhfoilseofar an breithiúnas sa chás seo, a ordú don Ungáir íocaíocht phionósach laethúil de EUR 16 393,16 a íoc don Choimisiún don tréimhse idir an lá a thabharfar an breithiúnas sa chás seo agus an lá a chomhlíonfaidh an cosantóir an méid a leagtar síos i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-808/18, agus
4. a ordú don Ungáir costais na n-imeachtaí a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Ina breithiúnas arna thabhairt an 17 Nollaig 2020 i gCás C-808/18 *an Coimisiún v an Ungáir* (Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta), dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go raibh reachtaíocht na hUngáire maidir le tearmann ar neamhréir ar roinnt slite le dlí an Aontais. Cé gur ghlac an Ungáir bearta áirithe chun an méid a leagtar síos sa bhreithiúnas sin a chomhlíonadh — go príomhúil, dhún sí na limistéir idirthurais, mar a thugtar orthu, arna mbunú aici ag teorainn na hUngáire leis an tSeirbia —, measann an Coimisiún nach bhfuil na bearta sin leordhóthanach chun an méid a leagtar síos sa bhreithiúnas sin a chomhlíonadh.

Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de Primera Instancia nº 2 de León (an Spáinn) an 24 Samhain 2022 – Investcapital Ltd v G.H.R.

(Cás C-724/22, Investcapital)

(2023/C 121/04)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Juzgado de Primera Instancia nº 2 de León

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Investcapital Ltd

Cosantóir: G.H.R.

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcuirtear cosc le hAirteagal 7 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí le tomhaltóirí, ⁽¹⁾ agus ionstraim a eascraíonn as ordú maidir le nós imeachta íocaíochta ina ndearnadh athbhreithniú ar théarmaí éagóracha á forfheidhmiú, ar athbhreithniú *ex officio* nua a dhéanamh ar théarmaí éagóracha?

I gcás nach gcuirtear cosc leis, an mbeadh sé ar neamhréir le hAirteagal 7 de Threoir 93/13/CEE a iarraidh ar an bpáirtí atá ag lorg forfheidhmiú aon fháisnéis fhorlíontach a chur ar fáil lena bhféadfaí bunús mhéid an fhiachais a chinneadh, lena n-áirítear an bunairgead agus, más iomchuí, an t-ús, na pionóis chonarthaacha agus suimeanna eile, chun athbhreithniú *ex officio* a dhéanamh maidir le cumas éagórach na dtéarmaí sin? An gcuirfí cosc le hAirteagal 7 den Treoir ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear don fhéidearthacht doiciméid fhorlíontach den sórt sin a iarraidh le linn an fhorfheidhmithe?

2. An gcuirtear cosc le prionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh ar reachtaíocht nós imeachta náisiúnta lena gcoiscítear nó nach bhforáiltear do dhara athbhreithniú *ex officio* ar théarmaí éagóracha sa nós imeachta forfheidhmithe i leith ionstraim nós imeachta a eascraíonn as ordú maidir le nós imeachta íocaíochta, [má] m[h]eatar go bhféadfadh téarmaí éagóracha a bheith ann mar gheall ar athbhreithniú neamhfhoirfe nó neamhiomlán ar théarmaí éagóracha i rith an nós imeachta roimhe sin inar eisíodh an ionstraim in-fhorfheidhmithe sin?

I gcás go gcuirtear cosc leis, ar cheart a mheas go bhfuil cumas na cúirte a iarraidh ar an bpáirtí atá ag lorg forfheidhmiú aon doiciméadacht a chur ar fáil a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cuntair na n-éileamh conarthach a chinneadh dá gcomhdhéantar méid an fhiachais, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chumas éagórach na dtéarmaí, i gcomhréir le prionsabal éifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh?

(¹) IO 1993 L 95, lch. 29.

Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Supremo (an Spáinn) an 1 Nollaig 2022 – DISA SUMINISTROS Y TRADING S.L.U. (DISA) v Agencia Estatal de la Administración Tributaria

(Cás C-743/22, DISA)

(2023/C 121/05)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal Supremo

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: DISA SUMINISTROS Y TRADING S.L.U. (DISA)

Cosantóir: Agencia Estatal de la Administración Tributaria

An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Treoir 2003/96/CE [ón gComhairle] an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, (¹) go háirithe Airteagal 5 de, a léiríú sa chaoi go gcuirfeadh cosc leis ar riail náisiúnta, amhail Airteagal 50(b) de Ley 38/1992, de 28 de diciembre, de Impuestos Especiales (Dlí 38/1992 an 28 Nollaig ar dhleachtanna máil), lenar údaraíodh do na (Comunidades Autónomas) Pobail Fhéinrialaitheacha rátaí difriúla cánach a leagan síos i leith dleachtanna máil ar Hidreacarbóin de réir na críche i leith an earra chéanna?

(¹) IO 2003 L 283, lch. 51.

Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca (an Spáinn) an 16 Nollaig 2022 – Luis Carlos agus Páirtithe Eile v Air Berlín PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España

(Cás C-765/22, Air Berlín)

(2023/C 121/06)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: Luis Carlos, Severino, Isidora, Angélica, Paula, Luis Francisco, Delfina

Cosantóir: Air Berlín PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España

An cheist a tharchuirtear

Sna himeachtaí uilíocha cáilithe arna leagan amach i Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta, ⁽¹⁾ ina gceadaítear imeachtaí tánaisteacha a thionscnamh a bhaineann go heisiach le sócmhainní atá lonnaithe sa Stát ina dtionscnaítear na himeachtaí,

an féidir Airteagail 35 agus 7(1) [agus] (2)(g) agus (h)[.] i gcomhar le haithris 72, a léiriú sa chaoi go mbaineann cur i bhfeidhm dhlí an Stáit inar tionscnaítear na himeachtaí tánaisteacha “i leith láimhseáil na n-éileamh a tháinig chun cinn i ndiaidh thionscnamh na n-imeachtaí dócmhainneachta” leis na héilimh a tháinig chun cinn i ndiaidh thionscnamh na bpríomhimeachtaí seachas tionscnamh na n-imeachtaí tánaisteacha?

⁽¹⁾ IO 2015 L 141, lch. 19.

Iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria provinciale di Genova (an Iodáil) arna taisceadh an 19 Nollaig 2022 – OSTP Italy Srl v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle Dogane di Genova 1, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle Dogane di Genova 2 e Agenzia delle Entrate – Riscossione – Genova

(Cás C-770/22)

(2023/C 121/07)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Commissione tributaria provinciale di Genova

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: OSTP Italy Srl

Cosantóirí: Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle Dogane di Genova 1, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli, Ufficio delle dogane di Genova 2, Agenzia delle Entrate – Riscossione – Genova

An cheist a tharchuirtear

An féidir Airteagal 43, Airteagal 44 agus Airteagal 45 de Rialachán [AE] 952/2013 ⁽¹⁾ a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'infhorfheidhmitheacht láithreach breithiúnas ag céadchéim na gcúirteanna náisiúnta a bhfuil sé d'éifeacht acu na doiciméid chánach a bhaineann le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh a neamhniú go hiomlán nó go páirteach a bheith ar neamhréir le dlí an Aontais?

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO 2013 L 269, lch. 1).

Iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca (an Spáinn) an 19 Nollaig 2022 – Victoriano agus Páirtithe Eile v Air Berlin PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España, Air Berlin PLC & CO Luftverkehrs KG

(Cás C-772/22, Air Berlin)

(2023/C 121/08)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Juzgado de lo Mercantil nº 1 de Palma de Mallorca

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: Victoriano, Bernabé, Jacinta, Sandra, Patricia, Juan Antonio, Verónica

Cosantóirí: Air Berlín PLC & CO Luftverkehrs KG, Sucursal en España, Air Berlín PLC & CO Luftverkehrs KG

Na ceisteanna a tharchuirtear

Sna príomhimeachtaí le raon feidhme uilíoch ach atá cáilithe arna leagan amach le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta, ⁽¹⁾ ina gceadaítear imeachtaí tánaisteacha a thionscnamh a bhaineann go heisiach le sócmhainní atá lonnaithe sa Stát ina dtionscnaítear na himeachtaí,

- 1) An féidir Airteagail 3(2) agus 34 den Rialachán a léiriú sa chaoi gurb iad na sócmhainní atá lonnaithe sa Stát ina dtionscnaítear na himeachtaí tánaisteacha agus a bhfuil éifeachtaí na n-imeachtaí teoranta dóibh na sócmhainní a bhí ann tráth a thionscnaítear na himeachtaí tánaisteacha amháin agus ní na sócmhainní a bhí ann nuair a tionscnaíodh na príomhimeachtaí?
- 2) An féidir Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2015/848 a léiriú sa chaoi go bhfuil cinneadh an chleachtóra dócmhainneachta sna príomhimeachtaí dócmhainneachta chun sócmhainní a aistriú, gan iarraidh a dhéanamh ar thionscnamh imeachtaí tánaisteacha nó tionscnamh imeachtaí den sórt sin a sheachaint trí ghealltanais aontaobhach a dhéanamh faoi Airteagail 36 agus 37, i gcomhréir leis an gcumhacht sócmhainní an fhéichiúnaí a aistriú amach as críoch an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe nuair is léir dó go bhfuil creidiúnaithe áitiúla le héilimh saothair acu arna n-aithint le breithiúnais agus reo sócmhainní arna bhronnadh ag cúirt saothair den Bhallstát sin?
- 3) An féidir Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2015/848 a léiriú sa chaoi go mbeadh feidhm ag an gcumhacht chun caingne maidir le cur ar ceal a bheidh ar leas na gcreidiúnaithe a thionscnamh, ar bronnadh ar an gcleachtóir dócmhainneachta í sna himeachtaí dócmhainneachta tánaisteacha, i leith staid amháin an staid a chuirtear síos uirthi, ina ndéantar iarracht gníomh arna dhéanamh ag an gcleachtóir dócmhainneachta arna ainmniú sna príomhimeachtaí dócmhainneachta a chúlghairm?

⁽¹⁾ IO 2015 L 141, lch. 19.

Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale della Liguria (an Iodáil) arna taisceadh an 16 Eanáir 2023 – F.A.RO. di YK & C. Sas v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

(Cás C-16/23)

(2023/C 121/09)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale della Liguria

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: F.A.RO. di YK & C. Sas

Cosantóir: Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

Na ceisteanna a tharchuirtear:

- 1) An gá Airteagal 15 de Threoir 2006/123/CE ⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach agus Airteagal 49, Airteagal 56 agus Airteagal 106(2) CFAE a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta, amháin an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena leagtar síos srianta ar údarú ag díolphointí táirgí tobac bunaithe ar an bhfad geografach íosta idir soláthróirí agus an daonra cónaitheach?
- 2) An gá Airteagal 15 de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach agus Airteagal 49, Airteagal 56 agus Airteagal 106 (2) CFAE a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta, amháin an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, lena gcuirtear údarú ar díolphointí táirgí tobac bunaithe ar an bhfad geografach íosta idir soláthróirí agus an daonra cónaitheach, gan cead a thabhairt don údarás poiblí inniúil measúnú a dhéanamh ar imthosca fíorasacha oibiachtúla eile lena léirítear i gcás sonracha go bhfuil gá le seirbhís, fiú mura bhfuil na ceanglais sin ann?

⁽¹⁾ IO 2006 L 376, lch. 36.

Iarraidh ar réamhrialú ón Högsta förvaltningsdomstolen (an tSualainn) a taisceadh an 26 Eanáir 2023 – Keva, Landskapet Ålands pensionsfond agus Kyrkans Centralfond v Skatteverket

(Cás C-39/23, Keva agus páirtithe eile)

(2023/C 121/10)

Teanga an cháis: an tSualainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Högsta förvaltningsdomstolen

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: Keva, Landskapet Ålands pensionsfond agus Kyrkans Centralfond

Cosantóir: Skatteverket

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An éard atá i gceist leis an gcás ina mbíonn díbhinní arna n-íoc ag cuideachtaí intíre go hinstiúidí pinsin poiblí eachtracha faoi réir cáin iarchoimeáda, ach nach ngearrtar cáin ar na díbhinní comhfhreagracha má fhaigheann an Stát féin iad fhabhraíonn siad don Stát féin trí chistí ginearálta pinsin dá chuid, ná cóir dhifreálach dhiúltach den chineál is ionann le srian ar shaorghluaiseacht chaipitil, atá faoi thoirmeasc de réir Airteagal 63 CFAE, i bprionsabal?
2. Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad Cheist, cad iad na critéir ar cheart a chur san áireamh mar chuid de mheasúnú chun a fháil amach má tá instiúid pinsin poiblí eachtrach i staid atá incomparáide go hoibiachtúil leis an staid ina bhfuil an Stát féin agus na cistí ginearálta pinsin dá chuid?
3. An féidir a mheas go bhfuil údar maith le srian féideartha ar chúiseanna sáraitheacha leasa poiblí?

Achomharc arna thabhairt an 8 Feabhra 2023 ag Westfälische Drahtindustrie GmbH agus páirtithe eile i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Seachtú Dlísheomra Méadaithe) a fógraíodh an 23 Samhain 2022 i gCás T-275/20, Westfälische Drahtindustrie GmbH agus páirtithe eile v an Coimisiún Eorpach

(Cás C-70/23 P)

(2023/C 121/11)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Achomharcóirí: Westfälische Drahtindustrie GmbH, Westfälische Drahtindustrie Verwaltungsgesellschaft mbH & Co. KG, Pampus Industriebeteiligungen GmbH & Co. KG (ionadaithe: O. Duys agus N. Tkatchenko, Rechtsanwälte)

Páirtí eile sna himeachtaí: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

— an litir ón gCoimisiún an 2 Márta 2020, inar éiligh Leas-Ardstiúrthóir um an Buiséad sa Choimisiún ar Westfälische Drahtindustrie GmbH EUR 12 236 931,69 a íoc leis an gCoimisiún, a chur ar neamhní;

- a dhearbhu, dá réir sin, gur chóir don Choimisiún na híocaíochtaí a rinne Westfälische Drahtindustrie GmbH leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 29 Meitheamh 2011 go dtí an 16 Meitheamh 2015 de EUR 16 400 000, móide an t-ús cúitimh de EUR 1 420 610 ar an iomlán, is é sin méid iomlán de EUR 17 820 610, a chur i leith na fineála a d'fhógair an Chúirt Ghinearálta go neamhspleách sa bhreithiúnas i gCás *Westfälische Drahtindustrie agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-393/10, EU:T:2015:515), le héifeacht an 15 Iúil 2015, agus, dá bhrí sin, gur íocadh ina hiomláine an fhíneáil sin leis an íocaíocht a rinneadh an 17 Deireadh Fómhair 2019 de EUR 18 149 636,24;
 - a ordú don Choimisiún EUR 1 633 085,17 a íoc le Westfälische Drahtindustrie GmbH, móide an t-ús cúitimh ón 17 Deireadh Fómhair 2019 go dtí go n-aisíocfar an méid atá dlite ina iomláine;
 - mar mhalairt air sin, an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal agus a ordú don Choimisiún EUR 12 236 931,69 de dhamáistí a íoc leis an triúr achomharcóirí mar réiteach ar an méid EUR 12 236 931,36 a éilíodh i litir an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún i gcoinne Westfälische Drahtindustrie GmbH agus an ró-íocaíocht de EUR 1 633 085,17 a íoc le Westfälische Drahtindustrie GmbH, móide ús cúitimh ón 17 Deireadh Fómhair 2019 go dtí go n-aisíocfar an méid atá dlite ina iomláine.
 - mar mhalairt ar an ordú arna lorg i míreanna 1 go 3, an cás a tharchur ar ais chun na Cúirte Ghinearálta chun go dtabharfaidh sí breith;
- agus in aon chás:
- a ordú don Choimisiún na costais a tabhaíodh sna himeachtaí ag an gcéad chéim agus sna himeachtaí achomhairc a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an achomharc, ardaíonn na hachomharcóirí trí shaincheist dlí:

1. Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, sáraítear dlí an Aontais agus tá an breithiúnas sin bunaithe ar réasúnaíocht fhrithráiteach. Go deimhin, aithníonn an Chúirt Ghinearálta freisin an t-athrú bunúsach agus ionadú na fineála a d'fhorchuir an Coimisiún i gcoinne na n-achomharcóirí in 2010/2011. D'ainneoin shoiléire na coda oibríochtúla dá mhalairt agus cinntí na Cúirte Ghinearálta i mbreithiúnas an 15 Iúil 2015, déantar an argóint sa bhreithiúnas atá faoi achomharc nár athraíodh an cinneadh neamhdhleathach de 2010/2011 ón gCoimisiún gus an fhíneáil mhíchuí a forchuireadh leis agus gur fhan siad mar an gcéanna.
2. Níor chuir an Chúirt Ghinearálta san áireamh, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, na hiarmhairtí dlíthiúla a eascraíonn ón mbreithiúnas an 15 Iúil 2015. Sáraíonn an Chúirt Ghinearálta an prionsabal gur chóir, i ndiaidh breithiúnas an 15 Iúil 2015 a fhógairt, an oibleagáid nithiúil na hiarmhairtí a dhíothú a bheith curtha chun feidhme ag institiúidí an Aontais.
3. Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, sháraigh an Chúirt Ghinearálta an ceart nós imeachta bunúsach atá ag na hachomharcóirí chun cosaint dlí éifeachtach i bhfoirm a gceart chun éisteachta. Dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na saincheisteanna dlí ar bhonn na cúise céanna go léir, is é sin nár eisíodh fineáil nua le breithiúnas an 15 Iúil 2015 inar athraíodh an fhíneáil. Tá an cinneadh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc maidir le nádúr dlíthiúil na fineála inchurtha faoi amhras. Ina theannta sin, níl ceangal chomh dlúth sin idir na saincheisteanna dlí go léir a d'fhágfadh gur féidir iad a dhiúltú ar bhonn argóint dlí amháin. Seachas sin, ba chóir don Chúirt Ghinearálta na saincheisteanna dlí go léir a scrúdú go mion, agus ar leithligh óna chéile. Dealraíonn sé nár thug an Chúirt Ghinearálta cúiseanna leordhóthanacha sa bhreithiúnas atá faoi achomharc leis na saincheisteanna dlí go léir a dhiúltú.

Achomharc arna thabhairt an 17 Feabhra 2023 ag WhatsApp Ireland Ltd i gcoinne ordú na Cúirte Ghinearálta (an Ceathrú Dlísheomra méadaithe) a tugadh an 7 Nollaig 2022 i gCás T-709/21, WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

(Cás C-97/23 P)

(2023/C 121/12)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Achomharcóir: WhatsApp Ireland Ltd (ionadaithe: H.-G. Kamann, Rechtsanwalt, F. Louis agus A. Vallery, avocats, P. Nolan, B. Johnston agus C. Monaghan, Aturnaetha, P. Sreenan agus D. McGrath, Abhcóide Sinsearach, C. Geoghegan agus E. Egan McGrath, Abhcóide)

Páirtí eile sna himeachtaí: An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB)

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- an t-ordú faoi achomharc a chur ar ceal; agus
- a dhearbhuí go bhfuil an t-iarratasóir i gcás T-709/21 inghlactha;
- an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun go dtabharfaidh sí breith, agus
- a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí achomhairc a íoc.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis a achomharc, maíonn WhatsApp dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí, lena n-éilíonn WhatsApp go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir lena léiriú ar an gcoincheap “gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne” agus ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais faoi Airteagal 263 CFAE trína chinneadh gur gníomh ullmhúcháin amháin é Cinneadh Ceangailteach 1/2021 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí an 28 Iúil 2021 maidir leis an díospóid idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann a eascraíonn as an dréachtchinneadh maidir le WhatsApp arna tharraingt suas ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) (Éire) (“an Cinneadh atá faoi chonspóid”). Leis an gcinneadh sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid trína chinneadh go raibh ar WhatsApp, mar iarratasóir nach bhfuil faoi phribhléid é, a léiriú gur tháinig athrú ar leith ar a sheasamh dlíthiúil mar thoradh ar an gCinneadh atá faoi chonspóid. Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid freisin trína chinneadh nach raibh baint dhíreach ag an gCinneadh atá faoi chonspóid le Whatsapp. Thairis sin, tá anailís dhlíthiúil na Cúirte Ghinearálta earráideach. Ba chóir don Chúirt Ghinearálta a chinneadh (i) nach gníomh idirmheánach amháin atá sa Chinneadh atá faoi chonspóid, ach go leagtar amach ann seasamh cinntitheach an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí i ndáil leis na hábhair a tarchuireadh chuige chun iad a chinneadh faoi Airteagal 65 RGCS ⁽¹⁾; (ii) go raibh éifeachtaí dlíthiúla ag an gCinneadh atá faoi chonspóid agus gur tháinig athrú ar leith ar sheasamh dlíthiúil WhatsApp mar thoradh air; agus (iii) go raibh baint dhíreach ag an gCinneadh atá faoi chonspóid le WhatsApp toisc nár fhág sé fíor-rogha ag DPC a raibh sé de chúram air é a chur chun feidhme.

An dara saincheist dlí, lena n-éilíonn WhatsApp go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráidí dlí maidir le léiriú ar an gcoincheap “cinneadh ceangailteach” de réir bhrí Airteagal 65(1) RGCS agus prionsabal an léirmhínithe chomhsheasmhaigh agus chur i bhfeidhm chomhsheasmhach dhlí an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

CHÚIRT GHINEARÁLTA

Caingean arna tabhairt an 10 Feabhra 2023 – SunPower v EUIPO – ZO (*) (Grianphainéil (cuid de -))

(Cás T-62/23)

(2023/C 121/13)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: SunPower Corp. (San Jose, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: U. Lüken agus J. Bärenfänger, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: ZO (*)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Dearadh atá faoi cheist: Dearadh an Aontais Eorpaigh 2684043-0001

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cealú

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Nollaig 2022 i gCás R 1588/2021-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus a dhearbhu go bhfuil an dearadh atá faoi cheist bailí;
- de rogha air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus an cás a tharchur chuig an Tríú Bord Achomhairc EUIPO;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 3(a) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le hábhar na cosanta;
- Sárú ar Airteagal 25(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le gné shainiúil an dearaidh atá faoi cheist.

Caingean arna tabhairt an 10 Feabhra 2023 – SunPower v EUIPO – ZO (*) (Grianphainéil (cuid de -))

(Cás T-63/23)

(2023/C 121/14)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: SunPower Corp. (San Jose, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: U. Lüken agus J. Bärenfänger, Dlíodóirí)

(*) Tá an fhaisnéis scríosta nó ionadaithe laistigh den chreat maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint.

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: ZO (*)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Dearadh atá faoi cheist: Dearadh an Aontais Eorpaigh 2684043-0002

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cealú

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Nollaig 2022 i gCás R 1589/2021-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus a dhearbhu go bhfuil an dearadh atá faoi cheist bailí;
- de rogha air sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus an cás a tharchur chuig an Tríú Bord Achomhairc EUIPO;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 3(a) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le hábhar na cosanta;
- Sárú ar Airteagal 25(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle maidir le gné shainiúil an dearaidh atá faoi cheist.

Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2023 – Tertianum v EUIPO – DPF (“TERTIANUM”)

(Cás T-73/23)

(2023/C 121/15)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Tertianum AG (Dübendorf, an Eilvéis) (ionadaí: S. Fröhlich, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: DPF AG (Beirlín, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an marc fiortha “TERTIANUM” – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 305 367

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Samhain 2022 i gCás R 1706/2021-4

(*) Tá an fhaisnéis scríosta nó ionadaithe laistigh den chreat maidir le sonraí pearsanta agus/nó rúndacht a chosaint.

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 47(2) agus (3) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8(2)(a)(iii) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2023 – Oriflame Cosmetics v EUIPO – Caramé Holding (Léiriú ar O stílithe)**(Cás T-74/23)**

(2023/C 121/16)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Oriflame Cosmetics AG (Schaffhausen, an Eilvéis) (ionadaithe: N. Gerling agus U. Pflegar, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Caramé Holding AG (Sulzbach, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le marc fíortha (Léiriú ar O stílithe) – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 303 496

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 7 Nollaig 2022 i gCás R 938/2022-2

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid agus cinneadh Rannán an Fhreasúra de EUIPO 7 Nollaig 2022 a chur ar neamhní agus diúltú do chlárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh;
- a ordú do EUIPO agus don idirghabhálaí na costais arna dtabhú ag an iarratasóir chomh maith lena gcostais féin a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 47(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2007/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
 - Sárú ar Airteagal 10(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.
-

Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2023 – DDP Specialty Electronics Materials US 8 v EUIPO – Taniobis (AMBERTEC)**(Cás T-76/23)**

(2023/C 121/17)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: DDP Specialty Electronics Materials US 8 llc (Collegeville, Pennsylvania, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: G. Gibbons, SC, R. Minch agus A. Bateman, Aturnaetha)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Taniobis GmbH (Goslar, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “AMBERTEC” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 104 742

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Samhain 2022 i gCás R 1988/2021-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus/nó don idiragraí (más iomchuí) costais an iarratasóra a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú os comhair an Bhoird Achomhairc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagail 94(1) agus 95(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra, lena n-áirítear prionsabal an chomhionannais arm, an ceart chun triail chóir a fháil agus cearta cosanta an iarratasóra;
- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 16 Feabhra 2023 – Jaw de Croon v CPVO – Belgicactus (Belsemred1)**(Cás T-77/23)**

(2023/C 121/18)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Jaw de Croon Holding BV (Apeldoorn, an Ísiltír) (ionadaí: T. Overdijk, Dlíodóir)

Cosantóir: An Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Belgicactus BVBA (Westerlo, an Bheilg)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair CPVO

Dílseánach an chirt Comhphobail maidir le cineálacha plandaí atá faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

An ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí atá faoi cheist: An ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí Belsemred1

Nós imeachta os comhair CPVO: Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón mBord Achomhairc de CPVO an 16 Nollaig 2022 i gCás A024/2021

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní nó a chur ar leataobh;
- A ordú do CPVO an ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí arna ndeonú do “Belsemred1” a dhearbhu a bheith ar neamhní; nó de rogha air sin, a ordú do CPVO tuilleadh fiainaise a ghlacadh i ndáil le saincheistanna atá le sainaitheint ag an gCúirt Ghinearálta;
- A ordú do CPVO a chostais féin a íoc, agus costais na n-imeachtaí seo arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc nó a aisíoc i gcomhréir leis na rialacha infheidhme.

Saincheistanna dlí arna maíomh

- Sárú ar cheanglais riachtanacha nós imeachta;
- Sárú ar Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle nó ar aon riail dlí a bhaineann lena chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Google v EUIPO – EPay (GPAY)

(Cás T-78/23)

(2023/C 121/19)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Google LLC (Mountain View, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: C. Schmitt agus M. Kinkeldey, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: EPay AD (Sóifia, an Bhulgáir)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “GPAY” – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 138 507

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Samhain 2022 i gCás R 1761/2021-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, i gcás go ndéanann sé idiragairt, costais na n-imeachtaí a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Chiquita Brands v EUIPO – Jara 2000
("CHIQUITA QUEEN")****(Cás T-79/23)**

(2023/C 121/20)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Chiquita Brands LLC (Fort Lauderdale, Florida, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: R. Dissmann agus L. Jones, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Jara 2000, SL (Murcia, an Spáinn)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "CHIQUITA QUEEN" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 075 274

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc EUIPO an 13 Nollaig 2022 i gCás R 1811/2021-2

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear costais an achomharcóra arna dtabhú sna himeachtaí os comhair EUIPO.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2023 – Nextrend v EUIPO – Xiamen Axent Corporation agus
Axent Switzerland (Aonaid leithreas (cuid de -))****(Cás T-82/23)**

(2023/C 121/21)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: Nextrend GmbH (Flörsheim am Main, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Weiland agus C. Corbet, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Xiamen Axent Corporation Ltd (Haicang, an tSín), Axent Switzerland AG (Rapperswil-Jona, an Eilvéis)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Dearadh atá faoi cheist: Dearadh an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 769 299-0001

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cealú

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 7 Nollaig 2022 i gCás R 1604/2021-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a dhearbhu go bhfuil an dearadh atá faoi cheist neamhbhailí;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 63(2) i gcomhar le hAirteagal 53(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 25(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 20 Feabhra 2023 – Biogena v EUIPO (THE GOOD GUMS)

(Cás T-87/23)

(2023/C 121/22)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Biogena GmbH & Co. KG (Salzburg, an Ostair) (ionadaí: I. Schiffer, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le marc fíortha THE GOOD GUMS – Clárú idirnáisiúnta Uimh. 1 632 678 lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach.

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 13 Nollaig 2022 i gCás R 1690/2022-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a dheonú do chláru an chláraithe idirnáisiúnta Uimh. 1 632 678 le haghaidh aon earraí iarrtha;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2023 – Ofree v EUIPO – Gamigo (gamindo)**(Cás T-91/23)**

(2023/C 121/23)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis***Páirtithe***Iarratasóir:* Ofree Srl (Treviso, an Iodáil) (ionadaí: L. Sergi, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh – EUIPO*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc:* Gamigo AG (Hamburg, an Ghearmáin)**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO***Iarratasóir an trádmharc faoi cheist:* an t-iarratasóir sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh gamindo – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 105 987*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 10 Eanáir 2023 i gCás R 632/2022-2**An t-ordú atá á lorg***Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO agus don idirghabhálaí na costais a thabhaigh an t-iarratasóir chun críocha na n-imeachtaí reatha os comhair na Cúirte Ginearálta agus chun críocha na n-imeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 41(2)(c) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an dara mír d'Airteagal 296 CFAE.

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2023 – Timothy Jacob Jensen Studios v EUIPO (DESIGNERS TRUST)**(Cás T-92/23)**

(2023/C 121/24)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* Timothy Jacob Jensen Studios A/S (Højslev, an Danmhairg) (ionadaí: J. Løje, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Trádmharc atá faoi cheist: Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil leis an trádmharc DESIGNERS TRUST – Iarratas ar chlárú Uimh. 1 626 949

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Samhain 2022 i gCás R 1149/2022-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
-

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA